An Roinn Oideachais
Department of Education

Ciorclán 0022/2021

Chuig: Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna

SOSANNA BEATHU CÍCHE DON FHOIREANN UILE SEACHAS DAOINE ATÁ FOSTAITHE MAR MHÚINTEOIRÍ AGUS MAR CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAIS SPEISIALTA I mBOIRD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

Treoraíonn an tAire Oideachais duit na hathruithe mar atá sa Chiorclán seo a chur i bhfeidhm maidir le sosanna beathú cíche do gach ball foirne incháilithe seachas daoine atá fostaithe mar Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta (CRSanna) i BOOanna a bhfuil a bpoist maoinithe go hiomlán ag airgid an Oireachtais.

Tagann an Ciorclán seo in ionad gach riail agus na rialachán roimhe seo maidir le sosanna beathú cíche do gach ball foirne incháilithe atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna. Ba chóir an ciorclán seo a léamh in éineacht le Ciorclán 80/2015 'Teidlíochtaí um Chosaint Máithreachais don Fhoireann Uile Seachas Daoine atá Fostaithe mar Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mBoird Oideachais agus Oiliúna'.

Caithfidh gach fostóir na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le héifeacht láithreach agus caithfidh gach ball foirne incháilithe cloí leis na téarmaí agus coinníollacha comhaontaithe.

Cinntigh le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do gach ball den Bhord Bainistíochta/ de na Boird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear an t-ábhar faoi bhráid gach ball foirne incháilithe i d'fhostaíocht lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

Is féidir an Ciorclán seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: https://www.gov.ie/ga/ciorclan/d112a-sosanna-beathu-ciche-don-fhoireann-uile-seachas-daoine-ata-fostaithe-mar-mhuinteoiri-agus-mar-chuntoiri-riachtanais-speisialta-i-mboird-oideachais-agus-oiliuna/

Teresa McNeill

BOO Airgeadas, Riarachán agus Pearsanra
15 Aibreán 2021

1. Cuspóir an Chiorcláin seo

1.1. Déanann an Ciorclán seo cur síos ar an síneadh atá a chur le soláthar na sosanna beathú cíche ó 'laistigh de thréimhse 26-seachtaine' go 'laistigh de thréimhse 104-seachtaine' tar éis bhreith linbh agus áirítear ann na nósanna imeachta a chaithfear a leanúint.

1.2. Toisc gur teidlíocht neamhreachtúil atá i gceist leis an síneadh seo ba chóir d'fhostóirí, de réir a bpolasaí ar neamhláithreachtaí, a chinntiú go mbíonn tosaíocht ag riachtanais leasa agus chúraim na bhfoghlaimeoirí thar gach breithniú eile.

2. Sosanna Beathú Cíche d'Fhoireann Incháilithe

2.1. Tá Alt 12 de Chiorclán 80/2015 Teidlíochtaí Saoire Máithreachais d'fhoireann incháilithe leasaithe mar seo a leanas:

12.1 Laistigh de thréimhse céad agus ceithre seachtaine tar éis bhreith an linbh, tá fostaí a fhilleann ar ais ar an obair i dteideal uair an chloig in aghaidh an lae chun beathú cíche. Is féidir an t-am saor, gan caillteanas pá, a ghlacadh mar seo a leanas:

(a) briseadh amháin 60 nóiméad, nó

(b) dhá bhriseadh 30 nóiméad an ceann, nó

(c) trí bhriseadh 20 nóiméad an ceann

12.2 Déanfar sosanna fostaí a oibríonn níos lú ná an gnáthlá oibre a shocrú pro rata mar atá leagtha amach i gCuid 2.2 den chiorclán seo.

12.3 Caithfidh fostaí a cháilíonn don fhoráil seo a chur in iúl don fhostóir i scríbhinn go bhfuil sé ar intinn aici leas a bhaint as na sosanna sin. Ba chóir fógra a thabhairt ceithre seachtaine sula bhfilltear ar an obair tar éis saoire a bhaineann le máithreachas faoi théarmaí an chiorcláin seo. Caithfear cóip de theastas breithe an linbh a chur isteach leis an iarratas ar shosanna beathú cíche. Is faoin bhfostóir atá sé na socruithe is gá a dhéanamh leis an bhfostaí chun glacadh na sosanna beathú cíche a éascú.

2.2 Pro-Rátáil Sosanna

Tá fostaí a oibríonn an lá oibre caighdeánach i.e. seachtain oibre 37 uair an chloig, i dteideal sosanna beathú cíche ionann agus uair an chloig in aghaidh an lae i bpatrún mar atá i 2.1 den chiorclán seo. Féadfaidh fostaí atá ar níos lú ná uaireanta iomlána (i.e níos lú ná 37 uair sa tseachtain) leas a bhaint as sosanna beathú cíche ar bhonn pro-rata.

2.3. Ba chóir an patrún do na sosanna beathú cíche a chomhaontú tar éis don fhostóir agus don fhostaí dul i gcomhairle le chéile. Ba cheart d'fhostóirí bearta réasúnta a ghlacadh chun patrún na sosanna beathú cíche a éascú de réir mar a iarrtar, agus aird á tabhairt ar riachtanais ghnó an BOO. Ba chóir sosanna beathú cíche a thógáil lasmuigh d'am múinteoireachta/teagaisc nuair is féidir.

3. Iarratas ar Shosanna Beathú Cíche

3.1. Caithfidh fostaí a cháilíonn don soláthar seo a chur in iúl don fhostóir i scríbhinn go bhfuil sé ar intinn aici leas a bhaint as na sosanna sin ag baint úsáide as Foirm Iarratais BF1 (mar iatán ag Aguisín A). Caithfear cóip de theastas breithe an linbh a chur isteach leis an iarratas tosaigh ar shosanna beathú cíche.

3.2. Caithfear an Fhoirm Iarratais BF1 a chur isteach arís gach sé mhí fad a leanann an fostaí ag beathú cíche ar an leanbh agus é ar intinn aici dá réir sin leas a bhaint as sosanna beathú cíche.

3.3. Ba chóir d'fhostaí a bhfuil leas á baint aici as sosanna beathú cíche agus a stopann den bheathú cíche é sin a chur in iúl dá fostóir i scríbhinn a luaithe is féidir.

4. Ionadaíocht

4.1. Ní íocann an Roinn as clúdach ionadaíochta do bhriseanna beathú cíche.

Aguisín A

Foirm BF1 – Iarratas ar Shosanna Beathú Cíche

Caithfear an t-iarratas tosaigh a chur faoi bhráid an fhostóra ceithre seachtaine ar a laghad sula bhfilltear ar an obair tar éis saoire mháithreachais. Caithfear cóip de theastas breithe an linbh a chur isteach leis an iarratas tosaigh.

BOO atá mar fhostóir:	
Ainm an fhostaí:	
Pátrún oibre an fhostaí:	
Líon uaireanta an chloig oibre in aghaidh na seachtaine:	
Dáta breithe an linbh:	
Dáta a shíltear a bheifear ag filleadh ar an obair (an chéad iarratas amháin):	
Fad an iarratais (i.e. X Dáta go Y Dáta)	

An pátrún ab fhearr liom chun na sosanna seo a thógáil ná:

Modh	**Mo Rogha Am Sosa**
1 briseadh x __ nóiméad	**Briseadh: Ó** _____ go _____
2 briseadh x __ nóiméad	**Briseadh 1:** Ó _____ go _____ **Briseadh 2:** Ó _____ go _____
3 briseadh x __ nóiméad	**Briseadh 1:** Ó _____ go _____ **Briseadh 2:** Ó _____ go _____ **Briseadh 3:** Ó _____ go _____

Tabhair aird: Ba cheart sosanna beathú cíche fostaithe páirtaimseartha a choigeartú ar bhonn pro-rata de réir Cuid 2.2 den chiorclán seo.

Dearbhú an Fhostaí

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar shosanna beathú cíche don tréimhse sé mhí X – go – Y de réir Chiorcláin 0022/2021 dar teideal '*Sosanna Beathú Cíche don Fhoireann Uile Seachas Daoine atá Fostaithe mar Mhúinteoirí agus mar Chúntóirí Riachtanais Speisialta Oideachais i mBoird Oideachais agus Oiliúna*'.

Dearbhaím go bhfuilim ag beathú cíche ar mo pháiste agus, nuair a stopfaidh mé den bheathú cíche, go gcuirfidh mé in iúl do m'fhostóir i scríbhinn a luaithe is féidir.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis atá curtha ar fáil san iarratas seo fíor agus cruinn. Tuigim go bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith mar thoradh ar ráiteas bréagach a dhéanamh.

Síniú an fhostaí:_____ **Dáta**: _____

Ráiteas Príobháideachta um Chosaint Sonraí

CINNEADH AN FHOSTÓRA

Deimhním gur cheadaigh mé/dhiúltaigh mé (scrios de réir mar is cuí) an t-iarratas ar shosanna beathú cíche de réir Chiorclán 0022/2021 dar teideal 'Sosanna Beathú Cíche don Fhoireann Uile Seachas Daoine atá Fostaithe mar Mhúinteoirí agus mar Chúntóirí Riachtanais Speisialta Oideachais i mBoird Oideachais agus Oiliúna'. Coinneofar na doiciméid seo a leanas chun críocha iniúchta:

1) Iarratas ar Shosanna Beathú Cíche ☐
2) Cóip den Fhógra Cinnidh a eisíodh chuig an bhfostaí ☐

Síniú: _____ Dáta: _____
(Fostóir)

NÍOR chóir an fhoirm iarratais agus an cháipéisíocht tacaíochta a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais. Ba chóir iad a choinneáil sa BOO le haon doiciméid ábhartha eile chun críocha taifid agus iniúchta leis na taifid phearsanra ábhartha.